# Árais Máithreacha agus Naíonán

## Oideachas Saoránach Sóisialta agus Polaitiúil (OSSP) na Sraithe Sóisearaí
Aonad 1

SLEAMHNÁN 1



NCCA

# Aonad 1: Breac-chuntas

| Sleamhnán | Uimhir na Gníomhaíochta | Ainm na Gníomhaíochta | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| 3 | 1 | Déileáil leis an stair | Tús eolais ar institiúidí stairiúla na hÉireann agus réamhtheagasc na téarmeolaíochta cuí (ionchur an mhúinteora agus obair i mbeirteanna) |
| 4 | 2 | Ár Spás Cróga | Comhaontú Spáis Chróga a cheapadh (obair i mbeirteanna agus obair i ngrúpa beag, plé ranga uile) |
| 6-7 | 3 | Ailtireacht an tsrianta | Sonraí a bhaineann le hinstitiúidí stairiúla na hÉireann (plé ranga uile) \| Tús eolais ar choincheap ailtireacht an tsrianta (ionchur an mhúinteora) |
| 8-10 | 4 | Ar feadh roinnt mhaith den 20ú haois… | Airteagail ábhartha ó Bhunreacht 1937 (plé ranga uile) \| Saol na mban agus na bpáistí in Éirinn an 20ú haois (ionchur an mhúinteora, obair i ngrúpa beag agus plé ranga uile) |
| 11 | 5 | Suí agus Smaoinigh | Machnamh (obair aonair) |

## Nótaí an Mhúinteora

I ngníomhaíochtaí Aonad 1, spreagtar an scoláire san fhoghlaim nasctha le torthaí OSSP atá liostáilte thíos.

### Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:

- **Toradh Foghlama 1.1:** a phlé cad a chiallaíonn sé bheith daonna agus maireachtáil i bpobal le cearta agus le freagrachtaí
- **Toradh Foghlama 1.9:** peirspictíochtaí difriúla a shonrú i gcásanna ina bhfuil coimhlint shoiléir maidir le cearta nó sárú cearta
- **Toradh Foghlama 2.5:** scrúdú a dhéanamh ar chásanna staidéir nó fianaisí pearsanta de chuid daoine atá ag fulaingt de bharr bochtaineachta nó neamhionannais i gcomhthéacsanna agus i dtíortha difriúla agus ar an gcaoi atá siad ag oibriú chun na deacrachtaí atá acu a shárú
- **Toradh Foghlama 3.1:** láithriú físe a chruthú de na gnáth-chomhthéacsanna agus institiúidí lena mbaineann siad, ag díriú ar na háiteanna ina bhfuil cumhacht agus tionchar acu
- **Toradh Foghlama 3.3:** cur síos a dhéanamh ar struchtúir dhaonlathacha don chinnteoireacht ar leibhéil rialtais áitiúil náisiúnta
- **Toradh Foghlama 1.11 & 3.14:** machnamh a dhéanamh ar a bhfoghlaim leanúnach agus faoin mbrí a mbaineann sé aisti

NCCA

## Gníomhaíocht 1: Déileáil leis an stair

**Scoileanna saothair** — Tuarascáil an Choimisiúin chun iniúchadh a dhéanamh ar mhí-úsáid páistí (2009)

- Do pháistí 'a ndearnadh faillí orthu, ar fágadh ina ndílleachtaí iad nó a tréigeadh', na páistí a rugadh in árais Máithreacha agus Naíonán ina measc.
- Dírithe ar threoir reiligiúnach agus ar oiliúint phraiticiúil (buachaillí – oibrithe feirme, cailíní – cailíní aimsire).
- Bhíodh fiontair bhrabúis, ar nós feirmeacha tráchtála, i gceist go minic ina n-úsáidtí dúshaothrú páistí.
- Bhídís á reáchtáil ag oird rialta; ritheadh reachtaíocht dóibh agus dhéanadh an stát cigireacht orthu, le maoiniú poiblí.

**Neachtlanna Maigdiléanacha** — Tuarascáil an Choiste Idir-Rannaigh chun na fíricí a bhunú maidir le baint an Stáit leis na Neachtlanna Maigdiléanacha (2013)

- Do chailíní/do mhná a bhí ceaptha a bheith 'scaoilte', máithreacha 'neamhphósta' ag teacht ó árais Máithreacha agus Naíonán, iníonacha na máithreacha 'neamhphósta', daoine a bhí ceaptha a bheith mar ualach ar theaghlaigh nó ar an stát, daoine a ndearnadh mí-úsáid ghnéis orthu, nó a d'fhás aníos i scoileanna saothair.
- Bhídís á reáchtáil ag oird rialta le brabús a dhéanamh, le maoiniú poiblí agus ag brath ar shaothar cailíní/ban gan phá.

**Árais Máithreacha agus Naíonán** — Tuarascáil an Choimisiúin Imscrúdúcháin ar na hÁrais Máithreacha agus Naíonán (2021)

- Do chailíní/do mhná a d'éirigh torrach lasmuigh den phósadh.
- Choinníti mná ar feadh tréimhsí éagsúla tar éis don pháiste teacht ar an saol, ag déanamh obair fhisiciúil gan phá, ar nós glantacháin, cócaireachta, ag tabhairt aire do pháistí (nárbh iad a bpáistí féin i gcónaí iad). Aistríodh roinnt ban go díreach chuig/ó na Neachtlanna Maigdiléanacha. Páistí nár fhág lena máithreacha nó nach bhfuair bás sna hárais, blianta níos deireanaí in amanna, rinneadh iad a chur amach ar lóistín (a chur ar altramas), a uchtú (go dleathach/go neamhdhleathach) nó a chur chuig scoileanna saothair.
- Bhídís á reáchtáil ag oird rialta; ritheadh reachtaíocht dóibh agus dhéanadh an stát cigireacht orthu, le maoiniú poiblí.

# Nótaí an Mhúinteora (tá beochan sa sleamhnán – déan cinnte go bhfuil tú i modh an láithreora)

*Céard atá ar eolas agat, má tá aon rud ar eolas agat, faoi na focail ar an sleamhnán?*

**Cliceáil chun faisnéis a thaispeáint faoi scoileanna saothair, Neachtlanna Maigdiléanacha agus Árais Máithreacha agus Naíonán**

Léigh an t-eolas os ard faoi na trí chineál institiúidí.

Tabhair cineál institiúide amháin (is é sin, scoileanna saothair, Neachtlanna Maigdiléanacha nó Árais Máithreacha agus Naíonán) do gach scoláire.

*Glac nóiméad chun an t-eolas faoin institiúid a tugadh duit a léamh. Cuardaigh brí na bhfocal deacair.*

Roinn an rang ina bheirteanna le hinstitiúidí difriúla.

*Mínigh d'institiúid do do pháirtí i d'fhocail féin.*

Déan éascaíocht ar phlé don rang uile, ag baint úsáid as na ceisteanna seo a leanas mar chabhair:

- *Céard a thug tú faoi deara, má thug tú aon rud faoi deara, faoi gach ceann de na hinstitiúidí?*
- *Céard atá, má tá rud éigin, i gcoiteann ag na hinstitiúidí difriúla?*
- *Cén fáth a gceapann tú go raibh na hinstitiúidí seo ann? Céard a d'fhéadfadh na heaglaisí (oird rialta), an stát (rialtas), agus an tsochaí (daoine) a spreagadh chun glacadh lena leithéid d'institiúidí?*

*Níorbh í Éire an t-aon tír ar domhan ina raibh na hinstitiúidí seo, agus ní hí an Eaglais Chaitliceach amháin a bhí i mbun na n-institiúidí seo. Ach, faoi lár an fichiú haois, bhí níos mó ban agus páistí 'faoi smacht' sna hinstitiúidí seo in Éirinn ná aon áit eile ar domhan. Dúnadh na hinstitiúidí seo in Éirinn i bhfad níos déanaí ná aon áit eile, agus chomh maith leis, níor tugadh aghaidh ar an tionchar a bhí acu agus an toradh a bhí orthu go dtí i bhfad níos déanaí.*

**Cliceáil chun teidil na bhfiosrúchán rialtais a thaispeáint ar na 3 chineál institiúide**

*In 2009 d'fhoilsigh an rialtas 'Tuairisc ar fhiosrúchán ar mhí-úsáid páistí sna scoileanna saothair' – glaoitear Tuairisc Ryan ar an tuairisc seo go minic, toisc go raibh an Breitheamh Sean Ryan i gceannas ar an bhfiosrúchán. In 2013 foilsíodh an 'Tuairisc ar bhaint an stáit leis na Neachtlanna Maigdiléanacha' – glaoitear Tuairisc McAleese air seo go minic, toisc gurbh é Martin McAleese a bhí i gceannas ar an bhfiosrúchán. In 2021 foilsíodh an tuairisc dheiridh de chuid an Choimisiúin maidir le hÁrais Máithreacha agus Naíonán.*

*Is comhartha iad na fiosrúcháin agus tuairiscí go bhfuil an rialtas agus ár dtír ag glacadh lenár stair institiúideach de réir a chéile.*

*San aonad seo, cuirfimid tús le breathnú ar chineálacha éagsúla institiúidí in Éirinn san fhichiú haois, agus ar na naisc idir na hinstitiúidí seo agus an comhthéacs eacnamaíoch, dlí, polaitiúil, reiligiúnach, sóisialta, a cheadaigh do na hinstitiúidí seo a bheith ann.*

## Foinsí


Boston College, '**Ireland's Magdalen laundries and the nation's architecture of containment**. Agallamh le James M. Smith', 51.04 nóiméad.

Justice for Madgalenes Research (JFMR), **Eolas faoi na Neachtlanna Maigdiléanacha**

McGregor, C., Devaney, C., Buckley, S.A. 2023. *Language, Terminology and Representation Relating to Ireland's Institutions Historically Known as 'Mother and Baby Homes', 'County Homes' and related Institutions*. Gaillimh: Lárionad Taighde Leanaí agus Teaghlaigh EOECNA, Ollscoil na Gaillimhe.

O'Donnell, K., O'Rourke, M. & Smith, J. 2022. *Redress: Ireland's Institutions and Transitional Justice*. UCD Press: Baile Átha Cliath.

McGarry, P. **Magdalene laundries: a brief history of the institutions**. 11 Meitheamh 2011, Irish Times ar líne.

**Tuarascáil an Choimisiúin Imscrúdúcháin ar na hÁrais Máithreacha agus Naíonán**

**Tuarascáil an Choiste Idir-Rannaigh chun na fíricí a bhunú maidir le baint an Stáit leis na Neachtlanna Maigdiléanacha**

**Tuarascáil an Choimisiúin chun iniúchadh a dhéanamh ar mhí-úsáid páistí**. Féach go háirithe imleabhair 1 agus 2.

RTÉ. 2019. **Ireland's institutions explained**. 8.43nóim.

Tobin, M. **Literacy in the Irish Reformatory School**. Irish Probation Journal, Imleabhar 12, Deireadh Fómhair 2015.




## Nótaí an Mhúinteora (tá beochan sa sleamhnán – déan cinnte go bhfuil tú i modh an láithreora)

**NB: Cuir dóthain ama i leataobh don ghníomhaíocht seo. Rachaidh Comhaontú Spáis Chróga chun sochair duitse agus don scoláire agus sibh ag dul i ngleic le gníomhaíochtaí sna.**

*Anois, ós rud é go bhfuil tuiscint níos fearr againn ar ábhar na n-aonad seo, glacaimis roinnt ama chun teacht ar réiteach maidir le conas a bheidh an rang ag feidhmiú.*

*Ar chuala aon duine trácht ar 'spás cróga' cheana?*

Má chuala, iarr ar an scoláire an téarma a mhíniú.

Roinn an rang ina bheirteanna.

Iarr ar gach bheirt dronuilleog a tharraingt ar leathanach.

*Céard a ritheann leat nuair a chloiseann tú an téarma 'spás cróga'? Breac síos é seo i do dhronuilleog.*

*Bí ag obair le beirt eile, agus cuirigí bhur gcuid oibre i gcomparáid lena chéile.*

*Bainigí úsáid as bhur gcuid oibre le chéile chun teacht aníos le smaointe maidir leis an gcuma atá ar 'spás cróga' agus conas a airíonn sé.*

*An ionann 'spás cróga' agus 'spás sábháilte'? Conas atá siad difriúil/ mar an gcéanna?*

*Uaireanta glactar leis gurb ionann spásanna sábháilte agus spásanna ina seachnaítear plé a dhéanamh ar thopaicí ar leith – topaicí atá corraitheach, íogair nó conspóideach. Tá spásanna cróga beagáinín difriúil. Tá siad sábháilte sa chaoi is gur cheart go mbeadh gach duine compordach agus sábháilte agus a thuairim á chur in iúl aige, ach tá siad cróga sa chaoi is gur féidir plé a dhéanamh ar cheisteanna corraitheacha, íogaire, nó conspóideacha.*

*Tá sé cholún (chuid) ann a chruthaíonn spás cróga.*

*De réir mar a bhreathnaímid ar gach colún, déan plé le do pháirtí maidir le conas a d'fhéadfása agus daoine eile sa rang an colún seo a chur i bhfeidhm.*

**Cliceáil sé huaire chun na colúin a thaispeáint a chruthaíonn spás cróga. Tar éis gach clic, tabhair tuilleadh sonraí faoin gcolún ar leith (féach na nótaí thíos), tabhair am do na beirteanna plé a dhéanamh**

**agus aiseolas a thabhairt. Breac síos freagraí an scoláire ar chlár nó ar bhileog mhór pháipéir.**

### Leochaileacht

*Bí macánta agus ionraic. Ná bíodh faitíos ort do chuid tuairimí agus mothúchán a chur in iúl do dhaoine eile, agus ráitis sa chéad phearsa, le 'mé' a úsáid agus tú ag cur tú féin in iúl.*

*Feicfidh tú go bhfuil roinnt réamhchlaonta againn uilig, agus go bhfuilimid uilig claonta ar bhealach éigin. Tá na dearcthaí agus tuairimí seo foghlamtha againn, agus mar sin is féidir droim láimhe a thabhairt dóibh le himeacht aimsire. Glac leis seo fút féin agus faoi dhaoine eile.*

### Peirspictíocht a ghlacadh

*Is féidir le heasaontuithe tarlú, agus daoine a bheith gortaithe, ach tá sé tábhachtach meas a léiriú ar pheirspictíochtaí daoine eile agus cumarsáid a dhéanamh go sibhialta.*

*Seachain ráitis a thosaíonn le 'ba cheart duit', a thugann breithiúnas ar dhaoine eile. Mura n-aontaíonn tú leis an méid a deir duine eile, cuir in iúl go soiléir go bhfuil tú ag ceistiú an mhéid a dúirt siad, seachas an duine féin.*

Má ghlactar leis 'nach bhfuiltear ar aon intinn' nó rud éigin cosúil leis, déan iarracht iad a chur ag smaoineamh go bhféadfaí stop a chur leis an bplé/ leis an bhfoghlaim dá bharr seo, agus mol ina áit sin gur cheart dóibh iarracht a dhéanamh tuiscint a fháil ar fhoinsí na bpeirspictíochtaí difriúla agus a bheith sibhialta dá chéile in ainneoin an easaontais/ na coimhlinte.

Má luann an scoláire go bhfuil gá le 'meas', cuir ceist air samplaí a thabhairt maidir le conas a bhféadfadh sé dearcadh duine eile a cheistiú go láidir agus meas a léiriú ag an am céanna.

### Glac leis an bhfaitíos

*Ná bíodh freagairt dhiúltach agat ar smaointe ná ar dhearcthaí atá nua nó difriúil. Cuir do chuid ceisteanna go measúil, ach ná lig don fhaitíos an rud mícheart a rá, bac a chur ort an cheist féin a chur. Is féidir linn aireachtáil míshocair, míchompordach, nó scanraithe, de bharr roinnt smaointe nó plé. Má tharlaíonn sé seo, déan iarracht cuimhneamh gur cuid riachtanach den fhoghlaim iad na mothúcháin seo agus déan iarracht tuiscint a fháil ar an bhfáth a mothaíonn tú mar seo.*

### Smaointeoireacht chriticiúil

*Glac am le machnamh a dhéanamh. Bí fiosrach agus leathanaigeanta – cuir ceisteanna chun tuiscint a fháil ar rud agus rudaí a shoiléiriú. Déan fianaise a anailísiú agus a mheas. Déan ceangail idir píosaí éagsúla eolais. Bí cruthaitheach i do chuid smaointeoireachta agus maidir le haon réitigh a mholann tú.*

### An méid atá ar intinn againn

*Cuir ceist ort féin an gcuirfear leis an gcomhrá ar bhealach dearfach má roinneann tú do chuid smaointe. Admhaigh an méid atá ar intinn agat – seachain a bheith cosantach má ghortaíonn d'fhocail/ do ghníomhartha daoine eile. Déan machnamh ar an méid a bhí ar intinn agat – Céard a spreag thú chun labhairt, freagra a thabhairt, gníomhú, ar bhealach ar leith? Glac le rún agus glac freagracht as an éifeacht. Déan iarracht dea-rúin na ndaoine a fheiceáil sula n-éiríonn tú feargach, ach ná bíodh faitíos ort réamhchlaonadh/ claonadh a cheistiú go díreach agus ar bhealach tairbheach. Déan iarracht cuimhneamh nach ionsaithe pearsanta iad dúshláin thairbheacha a chuirtear roimh cheisteanna ar leith.*

Má mholann an scoláire 'gan glacadh go pearsanta leis' nó rud éigin cosúil leis sin, iarr orthu cuimhneamh ar ghlacadh lena 'rún agus tionchar féin' ina ionad sin.

### Bí i láthair

*Glac páirt agus labhair amach. Má airíonn tú go bhfuil tú ag glacadh an iomarca spáis, seas siar agus tabhair deis do dhaoine eile labhairt (glac spás, fág spás). Bí ionchuimsitheach i leith gach duine sa spás.*

Má mholann scoláire rud ar bith faoin gceart cinneadh a dhéanamh tú féin, maidir le cé chomh rannpháirtíoch is ba mhaith leat a bheith, iarr air cuimhneamh air seo a leathnú amach, chun rud éigin a chur san áireamh maidir leis an ngá a bheith feasach ar do spreagthaí do leibhéil rannpháirtíochta.

Bain úsáid as aiseolas an scoláire chun Comhaontú Spáis Chróga a chruthú.

Déan seiceáil dheireanach, chun a chinntiú go bhfuil mír amháin ar a laghad bainteach le gach ceann de na 6 cholún leagtha amach thuas, i do Chomhaontú Spáis Chróga.

**NB: Bíodh an Comhaontú seo ar taispeáint in áit fheiceálach sa seomra ranga.**

## Foinse

Arao. B. & Clemens, C. 'From Safe Spaces to Brave Spaces: A new way to frame dialogue around diversity and social justice' in Lisa Landreman. Eds. 2013. *The art of effective facilitation: Reflections from social justice educators*. Foilsitheoireacht Stylus.

NCCA

**Má chuireann aon rud a thagann chun cinn san aonad seo isteach ort, agus má theastaíonn tacaíocht uait, tar chugam tar éis an ranga, labhair le cara nó duine fásta a bhfuil muinín agat astu, agus/nó téigh i dteagmháil le:**

**Adoption Rights Alliance:** www.facebook.com/AdoptionRightsAllianceIreland/

**Barnardos Origins, Post Adoption and Bereavement Services:** www.barnardos.ie

**Na Samáraigh:** www.samaritans.org
**Guthán: 116 123**

**Childline:** www.childline.ie
**Guthán: 1800 66 66 66**

**Jigsaw:** www.jigsaw.ie

## Nótaí an Mhúinteora

*Seans go gcuirfidh an t-ábhar a bheidh á chlúdach againn sna haonaid seo isteach ar roinnt agaibh. Is freagairt nádúrtha, shothuigthe é seo ar an méid a nglaonn marthanóirí 'caibidil dhorcha' air inár stair náisiúnta.*

*Má chuireann aon cheann de na saincheisteanna sna haonaid seo isteach ort go pearsanta, tar chugam tar éis an ranga, labhair le cara nó duine fásta a bhfuil muinín agat as, agus/nó gabh i dteagmháil le ceann de na seirbhísí tacaíochta seachtracha atá liostáilte ar an sleamhnán.*




## Nótaí an Mhúinteora (tá beochan sa sleamhnán – déan cinnte go bhfuil tú i modh an láithreora)

*Caithimis súil níos géire ar na trí chineál institiúidí – scoileanna saothair, Neachtlanna Maigdiléanacha agus Árais Máithreacha agus Naíonán.*

**Cliceáil chun sonraí a thaispeáint maidir leis na scoileanna saothair**

Iarr ar scoláire na sonraí faoi na scoileanna saothair a léamh amach, más mian leis.

*Céard a tharraingíonn d'aird sna sonraí seo, má tá rud éigin ann a tharraingíonn d'aird?*

Ag brath ar an rang, níor mhór duit a insint dóibh:

- níor 'dhílleachtaí' ná 'pháistí tréigthe' iad formhór na bpáistí i scoileanna saothair na hÉireann. Tógadh ó chúram a dtuismitheora/ a dtuismitheoirí iad de bharr 'Caomhnóireachta míchuí', más fíor, mar a shainmhínítear in Acht na Leanaí 1908 agus Airteagal 42.5 i mbunreacht 1937 (féach Aonad 1, Sleamhnán 8).
- ba é an Tuairisc ar Chórais na Scoileanna Ceartúcháin agus Scoileanna Saothair (1970) a bhí mar thoradh ar fhiosrúchán a rinne coiste idir 1967–1970, a raibh an Breitheamh Cúirte Dúiche Eileen Kennedy i gceannas air, agus is dá bharr sin a thugtar Tuairisc Kennedy air chomh maith. Cé gur iarradh ar an gcoiste seo breathnú ar scoileanna ceartúcháin agus saothair amháin ar dtús, cuireadh lena bhfiosrúcháin níos déanaí chun breathnú ar pháistí faoi chúram. Mhol Tuairisc Kennedy deireadh a chur le "córas institiúideach an chúraim chónaithigh".

**Cliceáil chun sonraí a thaispeáint faoi na Neachtlanna Maigdiléanacha**

Iarr ar scoláire na sonraí faoi na Neachtlanna Maigdiléanacha a léamh amach, más mian leis.

*Céard a tharraingíonn d'aird sna sonraí seo, má tá rud éigin ann a tharraingíonn d'aird?*

Ag brath ar an rang, b'fhéidir gur mhaith leat a chur i gcuimhne dóibh gur Tuairisc McAleese a bhí mar thoradh ar fhiosrúchán Rialtas na hÉireann maidir le baint an stáit leis na Neachtlanna Maigdiléanacha. Ba é tátal na tuairisce gur thacaigh an stát leis na neachtlanna, agus gur theip orthu na hinstitiúidí seo a iniúchadh agus a rialú go cuí.

**Cliceáil chun sonraí a thaispeáint faoi na hÁrais Máithreacha agus Naíonán**

Iarr ar scoláire na sonraí faoi na hárais Máithreacha agus Naíonán a léamh amach, más mian leis.

*Céard a tharraingíonn d'aird sna sonraí seo, má tá rud éigin ann a tharraingíonn d'aird?*

*Cheap an rialtas an Coimisiún Imscrúdúcháin maidir le hÁrais Máithreacha agus Naíonán i mí Feabhra 2015 chun breathnú ar an méid a tharla do mhná agus do pháistí in árais Máithreacha agus Naíonán agus i dtithe Contae le linn na tréimhse 1922 go 1998. Ba chineál institiúide eile iad tithe Contae. Ba do réimse leathan daoine a bhí siad, daoine bochta agus an lucht oibre go príomha, agus ba mhinic mná neamhphósta agus a bpáistí a bhí i gceist.*

*Cén fáth a nglaoitear 'ailtireacht an tsrianta' ar an ngrafaic seo dar leat? Cén bhaint a bheadh ag an téarma seo le scoileanna saothair, Neachtlanna Maigdiléanacha agus árais Máithreacha agus Naíonán?*

*Is éard atá i gceist leis an téarma 'ailtireacht an tsrianta' (struchtúir chun rudaí a mheastar a bheith díobhálach a choinneáil faoi smacht), ná líonra idirspleách na n-institiúidí, mar shampla scoileanna saothair, Neachtlanna Maigdiléanacha agus árais Máithreacha agus Naíonán, a raibh sé mar chuspóir acu daoine a chur i bhfolach, daoine a bhí ar bhóthar sa saol nárbh é an gnáthbhóthar é, nó a raibh do-ghlactha, de réir mhoráltacht agus creidimh na tréimhse sin.*

**Cliceáil chun tagairtí a thaispeáint do chórais an lóistín agus an uchtaithe**

*Baineann gluaiseacht an duine isteach agus amach as institiúidí difriúla le coincheap ailtireacht an tsrianta, chomh maith le ó na hinstitiúidí isteach sa tsochaí tríd an scéim lóistín (córas altramais an ama) agus uchtú.*

**Cliceáil chun tagairtí a thaispeáint do na gnéithe tábhachtacha deireanacha a bhaineann le hailtireacht an tsrianta**

*Bhí tionchar ag an gcaidreamh idir an Eaglais Chaitliceach agus Stát na hÉireann (rialtas) ar ailtireacht an tsrianta. Ba é an caidreamh seo, a raibh creideamh agus dearcthaí sochaíocha an ama mar bhonn faoi, ba chúis leis na dlíthe a ritheadh chun na hinstitiúidí seo a bhunú, an ciste poiblí a úsáid chun maoiniú a chur ar fáil dóibh, agus a bheith ar an bhfód ar feadh tréimhsí fada ama. Léirigh na dlíthe seo tuairimí an ama maidir le cad is teaghlach 'ceart', agus tuairimí faoin méid atá inghlactha agus measúil maidir le bochtaineacht agus aicme, coireacht, oideachas, míchumas, eitneacht, cine agus reiligiún.*

*Tá gach rud ar an sleamhnán seo, agus gach rud a tharla sna háiteanna seo, mar chuid den chóras céanna, mar chuid den scéal céanna.*

## Foinsí


Caibidil 2: Institiúidí, Tuarascáil an Choimisiúin Imscrúdúcháin ar Árais Máithreacha agus Naíonán

Finnegan, F. 2004. *Do Penance Or Perish: Magdalen Asylums in Ireland*. Oxford University Press.

Tuarascáil (Kennedy) ar Chórais na Scoileanna Ceartúcháin agus Saothair. 1970.

Tuarascáil an Choiste Idir-Rannaigh chun na fíricí a bhunú maidir le baint an Stáit leis na Neachtlanna Maigdiléanacha

Smith, J.M. 2007. *Ireland's Magdalen Laundries and the Nation's Architecture of Containment*. University of Notre Dame P, Southbend. lth. xii–xx.

NCCA

# Gníomhaíocht 3: Ailtireacht an tsrianta

Is mise Mary Harney. Tá mé bródúil gur iníon mé le Margaret 'Peggy' Harney. … Níl mórán eolais agam faoi shaol luath mo mháthar seachas go bhfuair a máthair féin bás nuair a bhí sí 12 bhliain d'aois agus gur cuireadh chuig Scoil Saothair San Dominic ansin í, áit ar fhan sí go dtí go raibh sí 16 bliana d'aois. … Rugadh mise in [áras Máithreacha agus Naíonán] Bessborough in 1949. D'fhan mé féin agus mo mháthair le chéile san Áras Máithreacha agus Naíonán ar fad dhá bhliain go leith. … Roghnaigh mo mháthair cuid de na tascanna ba neamhoilte a dhéanamh. … ar nós naipcíní na naíonán a ní … ionas go bhféadfadh sí teacht isteach le mé a fheiceáil agus mé a phiocadh suas, de bharr nach raibh cead ag na mná dul chuig a bpáistí am ar bith sa lá. Bhí triuch agus bruitíneach orm le linn dom a bheith ann, agus ní raibh mé incháilithe le gáinneáil chuig Meiriceá dá bharr. Ba ghalair theagmhálacha iad sin, agus chun páistí a thabhairt go Meiriceá, níor mhór do na páistí a bheith slán ó ghalair dá sórt. … Tugadh leathuair an chloig do mo mháthair chun mé a réiteach le tógáil uaithi. … Cuireadh ar altramas [cuireadh amach ar lóistín] mé go neamhdhleathach le lánúin scothaosta… ach rinne siad faillí orm agus is dóigh go raibh droch-chothú orm freisin, agus ghlaoigh comharsa ar na húdaráis agus tógadh ó na tuismitheoirí altrama mé in 1954. Tugadh mé chuig an teach cúirte i gCorcaigh, agus ghearr an breitheamh pianbhreith dhá bhliain déag go leith orm i Scoil Saothair an Aoire Mhaith i dTobar Rí an Domhnaigh i gCathair Chorcaí. …Cheiltí bia orainn dá sáróimis na rialacha. Cheiltí uisce orainn i gcónaí… Bhuailtí muid… Ba ansin a d'fhoghlaim mé cén chaoi leis an bhfód a sheasamh.
Ní haon mharthanóir mise. Bíodh is go bhfuilim beag, is oibrí tréan mé, a sheasann an fód ar mhaithe le cothrom na Féinne.

Mary Harney – Fianaise in O'Donnell, K., O'Rourke, M. agus Smith, J. 2022. *Redress: Ireland's Institutions and Transitional Justice*. UCD Press: Baile Átha Cliath. lgh 3-5; Mary Harney, ráiteas finné CLANN.

## Nótaí an Mhúinteora

Iarr ar scoláire an sliocht as fianaise Mary Harney a léamh amach, bean a rugadh in áras Máithreacha agus Naíonán Bessborough, i gCorcaigh.

*An dtugann tú rud ar bith faoi deara faoi na focail a úsáideann Mary nuair a labhraíonn sí faoina taithí ar 'ailtireacht an tsrianta'? Focail mar shampla 'gáinneáil' ('trafficked'), 'curtha ar altramas go mídhleathach' 'oibrí a sheasann an fód ar son an cheartais'. Céard atá le tuiscint ó na focail seo faoi dhearcadh Mary agus a freagairt ar a heispéiris?*

*Dá bhféadfá ceist amháin a chur ar Mary Harney faoina heispéiris, cén cheist a chuirfeá?*

*Bain úsáid as fianaise Mary chun sceitse a tharraingt go sciobtha nó meabhairmhapa a chruthú chun a turas a léiriú trí, agus a taithí ar, 'ailtireacht an tsrianta' in Éirinn sna 1940dí–1960dí.*

[Ba cheart go léireodh freagraí an scoláire conas mar a bhí máthair Mary, Margaret Harney, i Scoil Saothair San Doiminic (*St Dominic's Industrial School*), agus mar a tógadh isteach in áras Máithreacha agus Naíonán Bessborough í, áit a rugadh Mary. Sheachain Mary an t-uchtú go Meiriceá agus cuireadh ar scéim lóistín í (ar altramas) chuig seanlánúin, sular seoladh chuig Scoil Saothair Good Shepherd i gCorcaigh í].

*Tá taithí idirghlúine ar ailtireacht an tsrianta le feiceáil i mórán cuntas ó mharthanóirí. Mar shampla, cuireadh Mary agus a máthair, Margaret Harney, chuig scoil saothair.*

*Dírítear sna haonaid seo ar na hárais Máithreacha agus Naíonán, ach ní mór cuimhneamh nárbh iad na hárais Máithreacha agus Naíonán ach cineál amháin institiúide in Éirinn san fhichiú haois, a raibh ann díreach ar mhaithe le srian nó smacht a choinneáil ar an mbealach ar mhair daoine.*

NCCA

## Gníomhaíocht 4: Ar feadh roinnt mhaith den 20ú haois…

**An teaghlach, mná agus páistí i mbunreacht 1937** (Bunreacht na hÉireann)

**Airteagal 41**

- **1.1 –** Admhaíonn an Stát gurb é an **Teaghlach is buíon-aonad príomha bunaidh don chomhdhaonnacht de réir nádúir**, agus **gur foras morálta é** ag a bhfuil cearta doshannta dochloíte is ársa agus is airde ná aon reacht daonna.
- **1.2 –** Ós é an Teaghlach is **fotha riachtanach don ord chomhdhaonnach** agus ós éigeantach é do leas an Náisiúin agus an Stáit, ráthaíonn an Stát comhshuíomh agus údarás an Teaghlaigh a chaomhnú.
- **2.1 –** Go sonrach, admhaíonn an Stát **go dtugann an bhean don Stát, trína saol sa teaghlach, cúnamh nach bhféadfaí leas an phobail a ghnóthú dá éagmais.**
- **2.2 –** Uime sin, **féachfaidh an Stát lena chur in áirithe nach mbeidh ar mháithreacha clainne, de dheasca uireasa, dul le saothar agus faillí a thabhairt dá chionn sin ina ndualgais sa teaghlach.**

**Airteagal 42**

- **5 –** I gcásanna neamhchoiteanna nuair a tharlaíonn, **ar chúiseanna corpartha nó ar chúiseanna morálta, nach ndéanaid na tuistí a ndualgais dá gclainn, ní foláir don Stát, ós é an Stát caomhnóir leasa an phobail, iarracht a dhéanamh le beart oiriúnach chun ionad na dtuistí a ghlacadh**, ag féachaint go cuí i gcónaí, áfach, do chearta nádúrtha dochloíte an linbh.

# Nótaí an Mhúinteora (tá beochan sa sleamhnán – déan cinnte go bhfuil tú i modh an láithreora)

*Ba bhliain an-tábhachtach í 1937 do chóras dlí na hÉireann, toisc gur foilsíodh Bunreacht na hÉireann an bhliain sin. Leagadh bunchearta shaoránaigh na hÉireann amach i mBunreacht na hÉireann. Ní féidir leis an rialtas dlí a rith mura dtagann sé leis an mbunreacht. Tá an bunreacht roinnte ina Airteagail, nó rialacha/pointí tábhachtacha, cosúil leis an dá Airteagal ar an sleamhnán.*

Iarr ar scoláire an téacs (pointí urchair) d'Airteagail 41 agus 42 i mBunreacht na hÉireann (1937) a léamh amach, más mian leis. Tar éis gach pointe urchair, iarr ar scoláire an téacs a athrá ina chuid focal féin.

Ag brath ar an rang, níor mhór duit a mhíniú gurb ionann 'an baile' in Airteagal 41.2.1 agus 41.2.2 agus áras an teaghlaigh, ní na hárais Máithreacha agus Naíonán. De réir mar a dhéanann do rang dul chun cinn trí na haonaid, d'fhéadfá iad a spreagadh chun cuimhneamh ar chur i bhfeidhm Airteagal 41.2.1 ar eispéiris na mban sna hárais Máithreacha agus Naíonán.

Déan éascaíocht ar phlé don rang uile, bunaithe ar na ceisteanna seo a leanas mar chabhair:

- *Cén tuairim a bhí i mbunreacht 1937 i leith an teaghlaigh/na ban/na bpáistí?*
- *Céard a deir Airteagail 41 agus 42 dúinn faoi na dearcthaí i leith na hinscne agus an chomhionannais in 1937?*
- *Cén tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige seo ar shaol na ngnáthdhaoine, dar leat?*

*Is féidir an bunreacht a athrú, le cead na ndaoine. Is le reifreann a dhéantar é seo (vóta a chaitheamh ar son athruithe molta sa bhunreacht). Diúltaíodh do reifreann ar an 8 Márta 2024 a mhol gur cheart Airteagail 41.2.1 and 41.2.2 a ionadú agus an fhoclaíocht in Airteagal 41.1.1, a leasú.*

**Tascanna féideartha don obair bhaile:**

*Bíodh tionchar ag Airteagail 41 agus 42 (ar an sleamhnán) ort, chun clúdach tosaigh a chruthú (tarraingthe de láimh nó ag baint úsáid as teicneolaíocht dhigiteach) do bhunreacht 1937.*

nó

*Déan taighde ar leasú amháin a rinneadh ar an mbunreacht ó 1937 a bhaineann leis an teaghlach, mná nó páistí. Scríobh alt gearr ag déanamh achoimre ar do thorthaí.*

[féach Leabhar Reachtanna na hÉireann]

## Foinsí



Amharclann na Mainistreach agus Coláiste Pobail Lorcáin. 2021. **Home: Part 1** pacáiste agus sleamhnáin an mhúinteora.

Biggins, T., Howard, J, McDonagh, H. O'Reilly, E. & Shen, S. (2021), '*Guidebook for Teachers: Ireland's Dark History*', Ionad na hÉireann do Chearta an Duine, Ollscoil na Gaillimhe.

Eolas do Shaoránaigh, **Bunreacht na hÉireann**

Ryan, S. & Tynan, M-E. **Laying down the law**, acmhainn neamhfhoilsithe d'OSSP na Sraithe Sóisearaí.

Smyth, J. 'The Hidden Ireland', cur i láthair neamhfhoilsithe ón gcúrsa 'Outcast Ireland' in Boston College.




# Nótaí an Mhúinteora

Roinn an rang i ngrúpaí de cheathrar.

Tabhair (nó iarr ar scoláire roghnú) na róil seo a leanas i ngach grúpa:

**Léitheoir** – chun an téacs ar an sleamhnán a léamh amach don chuid eile den ghrúpa

**Cláraitheoir** – chun nótaí a bhreacadh síos de na pointí is tábhachtaí a luadh

**Tuairisceoir** – chun achoimre a dhéanamh

**Cathaoirleach** – chun an grúpa a choinneáil dírithe ar an tasc

Iarr ar gach grúpa plé a dhéanamh ar na ceisteanna seo a leanas:

- *Cad a cheapfadh duine ar comhaois leat ina chónaí in Éirinn san fhichiú haois faoi chúrsaí mar a bhí, dar leat? An aireodh buachaillí agus cailíní go difriúil? Cén fáth?*
- *Conas mar a aontóidís le cúrsaí mar a bhí?*
- *Conas mar a chuirfidís in éadan nó mar a throidfidís in aghaidh cúrsaí mar a bhí?*
- *Conas atá Éire na linne seo éagsúil ón Éirinn atá le feiceáil ar an sleamhnán?*
- *An gceapann tú go dtugann cúrsaí mar a bhí in Éirinn san fhichiú haois míniú éigin ar an gcúis a raibh institiúidí cosúil leis na hárais Máithreacha agus Naíonán ann? Mínigh do fhreagra.*

## Eolas breise

Ag brath ar an rang, d'fhéadfá cur leis an bhfaisnéis ar an sleamhnán trí léargas a thabhairt ar an reachtaíocht chuí, mar a leanas:

- Acht Leasuithe an Dlí Choiriúla (1935) – cosc ar fhrithghiniúint
- Acht na Leanbhaí Tabhartha (Orduithe Athairíochta) (1930)
- An tAcht Dlisteanais (1931) – Ar lámh amháin, d'éalaigh aithreacha neamhphósta (fola) ó fhreagracht tuismitheoirí, ach i dtéarmaí dlí, níor measadh gur tuismitheoirí iad ar chor ar bith. Cuireadh deireadh leis an bhfocal 'neamhdhlisteanach' faoin Acht um Stádas Leanaí (1987). Ba é an Bille Leasa Shóisialaigh (1973), an chéad phíosa reachtaíochta a thug an ceart do gach máthair, beag beann ar stádas pósta, liúntas cothaithe agus liúntas leanaí a fháil.

- Acht na Leanaí (1908) – tugann sé aghaidh ar phionós corpartha, nár cuireadh cosc air i scoileanna na hÉireann go dtí 1982 agus i dteaghlaigh go dtí 2015.
- Dianchosc ar Cholscaradh (1925)
- An tAcht um Scrúdóireacht Fhoillseachán (1929)
- An tAcht um Hallaí Rinnce Puiblí (1935)

**Tasc féideartha don obair bhaile:**

*Go tuisceanach, cuir ceist ar sheanduine labhairt leat faoina gcuimhní, le tagairt do ghné amháin nó níos mó den saol in Éirinn san fhichiú haois.*

## Foinsí


Amharclann na Mainistreach agus Coláiste Pobail Lorcáin. 2021. **Home: Part 1** pacáiste agus sleamhnáin an mhúinteora.

Bhreatnach, A. 2021. **Habitually, rankly immoral: State censorship in Ireland after 1930**. An Chartlann Náisiúnta, sraith léachtaí ar líne - físeán, 1 uair an chloig 9 nóiméad.

Biggins, T., Howard, J, McDonagh, H. O'Reilly, E. & Shen, S. 2021. 'Guidebook for Teachers: Ireland's Dark History'. Ionad na hÉireann do Chearta an Duine, Ollscoil na Gaillimhe.

Buckley, S-A. **Institutionalisation and Gender: From the Foundling Hospitals to the Mother and Baby Homes**. in Atwal, J. Breathnach, C. & Buckley, S-A. eag. 2022. Gender and History. Routledge Londain:

Caibidil 36: Tuairimí i leith páistí a rugadh do thuismitheoirí neamhphósta, **Tuarascáil an Choimisiúin Imscrúdúcháin ar Árais Máithreacha agus Naíonán** lth. 29–30.

Earner-Byrne, L. 2007. *Mother and Child: Maternity and Child Welfare in Dublin*, 1922–60. Manchester University Press.

O'Rourke, M., McGettrick, C., Baker, R., Hill, R., et al. CLANN: *Ireland's Unmarried Mothers and their Children: Gathering the Data: Bunaighneacht don Choimisiún Imscrúdúcháin maidir le hÁrais Máithreacha agus Naíonán*. Baile Átha Cliath: Justice For Magdalenes Research, Adoption Rights Alliance, Hogan Lovells, 15 Deireadh Fómhair 2018, lch. 14.

NCCA

## Gníomhaíocht 4: Ar feadh roinnt mhaith den 20ú haois…

…bhí bean sa pharóiste. Agus ba ise a théadh síos chuig ag sagart dá bhfaigheadh sí aon nuacht… Mar sin, fuair sí amach go raibh mo mháthair ag iompar clainne, … agus d'inis sí don sagart é… Agus tháinig an sagart chuig an teach ar an bpointe boise. Agus ní haon iontas go raibh a tuismitheoirí neirbhíseach agus bhí faitíos orthu roimh an sagart ag teacht. Mar sin, ghlac sé smacht ar gach rud. Dúirt sé … nach raibh aon fháilte roimpi sa séipéal de bharr gur pheacach í. Agus … coinníodh laistigh í de bharr gur dhrochthionchar a bheadh inti dá bhfeicfeadh páistí an cheantair í ag iompar páiste. Bhí sé go dona. Agus dúradh léi go raibh áit i dTuaim… agus nuair a bhí sí réidh leis an bpáiste a bhreith go dtabharfaí go Tuaim í agus go dtabharfadh na mná rialta aire di ansin. Ba mhór an náire é dá máthair agus dá hathair ar ndóigh – agus ar ndóigh bhí na comharsana ag béadán fúithi agus mar sin de. B'uafásach an chúlchaint a bhíodh ann. Ar chuma ar bith, ba é a hathair a thug go Tuaim í faoi dheireadh…
Agus rugadh mise ar an 29 Samhain '51…

Tras-scríbhinn ar agallamh le P.J. Haverty, "Ollscoil na Gaillimhe", Aitheantas sócmhainne 13756, Aitheantas na dTaifead Cartlainne TOHP, https://digital.library.universityofgalway.ie/p/ms/asset/13756?lang=ga

P.J. Haverty lena mháthair Eileen (1976)



Eileen agus P.J. Haverty (1976), Foilsitheoir "Ollscoil na Gaillimhe", Aitheantas sócmhainne 13750, Aitheantas na dTaifead Cartlainne TOHP, https://digital.library.universityofgalway.ie/p/ms/asset/13750?lang=ga

# Nótaí an Mhúinteora

*Níorbh é an t-áras Máithreacha agus Naíonán i dTuaim, Co. na Gaillimhe, ach áras Máithreacha agus Naíonán amháin. Ón mbliain 2014 i leith, bhí áras Thuama sna meáin go minic mar gheall ar obair an staraí áitiúil, Catherine Corless, bean a fuair amach go raibh go leor de na páistí a cailleadh ann, curtha i ndabhach shéarachais nár úsáideadh ar thalamh an tseanárais.*

Iarr ar scoláire an fhianaise a thug P.J. Haverty a léamh amach. Thug a mháthair ar an saol é in áras Máithreacha agus Naíonán Thuama.

**Cliceáil siar ar Aonad 1, Sleamhnán 9 (pointí urchair le creideamh agus moráltacht, luachanna agus gnásanna na sochaí, dlíthe)**

*Cén ceann de phointí urchair an tsleamhnáin seo a bhfuil baint acu leis an méid atá díreach léite againn faoi Eileen Laverty?*
Freagraí féideartha: na chéad 7 bpointe urchair]

**Cliceáil siar ar Aonad 1, Sleamhnán 8 (Airteagail 41 agus 42 de Bhunreacht na hÉireann)**

*Cén ceann de na hailt i mbunreacht 1937 a bhfuil baint aige leis an méid atá díreach léite againn faoi Eileen Laverty?*
[Freagraí féideartha: na chéad 4 phointe urchair]


*I gcás Eileen Laverty, ba é an sagart áitiúil a d'eagraigh a cead isteach san áras Máithreacha agus Naíonán. Tá na taifid maidir le conas a tógadh na mná isteach san áras i dTuaim neamhiomlán, ach ón méid atá ann, is cosúil gur mhinic a chuireadh an t-údarás áitiúil sláinte ann iad, nó dochtúir/ oifigeach leighis, ach i roinnt cásanna ba bhaill an oird rialta a chur ann iad.*

## Foinsí

Caibidil 15: Áras Naíonán Thuama, Moltaí na Tuarascála Deiridh de chuid an Choimisiúin Imscrúdúcháin maidir le hÁrais Máithreacha agus Naíonán. lch.20.

Caibidil 9: Dearcthaí, Tuarascáil an Choimisiúin Imscrúdúcháin ar Árais Máithreacha agus Naíonán. lch.20.

03/02/2021, Tras-scríbhinn an agallaimh le P.J. Haverty. Foilsitheoir = 'Bailiúcháin Dhigiteacha Ollscoil na Gaillimhe'. CA Acmhainne 13756, CA Taifid Chartlainne TOHP.




## Nótaí an Mhúinteora

*Glacaigí cúpla nóiméad chun cuimhneamh ar an méid a d'fhoghlaim sibh san aonad seo.*

*Scríobhaigí síos fíric nó smaoineamh amháin a d'fhoghlaim sibh, fíric nó smaoineamh amháin a chuala sibh a chuaigh i bhfeidhm oraibh, agus fíric nó smaoineamh amháin a chuir isteach oraibh.*

*Is féidir libh bhur n-ainm a chur ar an leathanach más mian libh, ach más fearr libh gan é sin a dhéanamh, tá sé sin ceart go leor freisin..*

Bailigh freagraí an ranga agus léigh ar ball iad chun a fháil amach conas a airíonn na scoláirí faoin ábhar agus cén tuiscint atá acu ar an ábhar a clúdaíodh san aonad seo. Más gá, téigh i dteagmháil le haon scoláire óna mbeadh tacaíocht bhreise ag teastáil roimh an gcéad rang eile, nó, gan scoláire ar leith a aithint, tabhair aghaidh ar aon cheist a thagann chun cinn ag tús an chéad ranga eile.